**COMHAIRLE CONTAE CHILL DARA**

**BEARTA MOILLITHE TRÁCHTA BEARTAITHE**
**ALT 38 DEN ACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 1994**

De réir fhorálacha Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994, tugann Comhairle Contae Chill Dara fógra leis seo go bhfuil sé ar intinn aici:

**Scoil Bhríde, Teach Srafáin - Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile** ina ndéanfar:

- Bearta Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile a chur chun feidhme, lena n-áirítear mullaird bhata agus marcanna bóthair, chun sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí soghonta bóithre ag an scoil.
- An cosán lasmuigh de Scoil Bhríde agus an cosán go dtí an trasrian soilsithe coisithe a atógáil agus a leathnú chun sábháilteacht a mhéadú d'úsáideoirí soghonta bóithre agus chun tacú le taisteal gníomhach níos sábháilte.
- An trasrian soilsithe coisithe atá ann cheana a uasghrádú go dtí trasrian soilsithe coisithe ardaithe ar an taobh ó dheas de Scoil Bhríde.
- Na spásanna páirceála ingearacha atá ann cheana os comhair na scoile a ainmniú mar spásanna páirceála don fhoireann amháin.
- Na colbhaí bóthair atá ann cheana agus leithid na gcarrbhealaí feadh na Gléibe a choinneáil.
- An láthair tuirlingthe ainmnithe den bhus a uasghrádú agus dhá (2) spás páirceála inrochtaineachta a shuiteáil.
- Dhá (2) thrasrian neamhrialaithe coisithe ardaithe a shuiteáil ar na bóithre atá tadhlach leis an nGléib, Ardán Bhríde agus na Feánna.
- Trasrian coisithe comhréidh neamhrialaithe amháin (1) a shuiteáil ag an acomhal idir an Ghléib agus Coarse Moor.
- Trasrian soilsithe coisithe nua a shuiteáil ar Bhóthar Bhaile an Bharbaigh.
- Cosán agus trasrian neamhrialaithe coisithe ardaithe lasmuigh den Chlub CLG a shuiteáil chun sábháilteacht a mhéadú d'úsáideoirí soghonta bóithre.

Beidh líníochtaí a thaispeánfaidh na hoibreacha atá beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh ag na láithreacha seo a leanas ón **30 Aibreán 2025 go dtí an 29 Bealtaine 2025.**

- Suíomh Gréasáin Comhairliúcháin Chomhairle Contae Chill Dara ag http://consult.kildarecoco.ie/en/consultation/section-38-road-traffic-act-1994-–-proposed-scoil-bhríde-safe-routes-school-scheme-straffan
- Oifigí Chomhairle Contae Chill Dara, Leibhéal 4, Áras Chill Dara, An Nás, Co. Chill Dara Dé Luain – Dé hAoine idir na huaireanta 9.00am agus 5.00pm.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a bhaineann leis na hoibreacha beartaithe thuasluaite **a dhéanamh Ar líne** ag http://consult.kildarecoco.ie/en/consultation/section-38-road-traffic-act-1994—-proposed-scoil-bhríde-safe-routes-school-scheme-straffan

**NÓ** I scríbhinn chuig an: Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach,An Roinn Iompair, Soghluaisteachta agus Spásanna Oscailte, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhuí, An Nás, Co. Chill Dara W91 X77F faoi 5:00pm ar an **29 Bealtaine 2025.**
**Déan d'aighneacht trí mheán amháin, le do thoil, i.e. i gcóip chrua nó ar líne**